# Ráth Mealtain Scéim Cosanta Tuilte



Nuachtlitir Samhain 2024

SAN EAGRÁN SEO

| | |
|---|---|
| Samhaltú Hiodrálach | Leathanach 2 |
| Measúnú ar Roghanna | Leathanach 3 |
| Gníomhaíochtaí Comhshaoil | Leathanach 4 |
| An Chéad Chéim Eile | Leathanach 5 |

## Forléargas is Déanaí

Seo an t-aonú nuachtlitir déag do Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtáin. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó foilsíodh an nuachtlitir dheiridh áirítear measúnú ar roghanna agus gníomhaíochtaí comhshaoil.

# Samhaltú Hiodrálacha

Críochnaíodh an measúnú samhaltaithe hiodrálach agus cuireadh an dréacht-Tuarascáil Hiodrálach faoi bhráid an chliaint. Tá Ayesa ag dul ar aghaidh leis an tuarascáil hiodrálaice a thabhairt cothrom le dáta go stádas deiridh, rud a chuirfidh tuilleadh le measúnú roghanna na scéime leis an scéim roghnaithe a chinneadh.


# Imscrúduithe Talún

Tá doiciméid tairisceana ullmhaithe d'obair imscrúduithe suímh ar fud limistéar scéime Ráth Mealtáin le coinníollacha talún a chinneadh le haghaidh bearta cosanta tuilte féideartha. Áirítear le scóip an chonartha claiseanna trialacha, trinsí scoilte, poill tóraíochta cnagchábla agus cóiriú rothlacha.

Tá an conradh á athbhreithniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus déanfar é a fhógairt don mhargadh in am trátha. Bronnfar an conradh imscrúduithe talún ar chonraitheoir i ndiaidh próiseas tairisceana a chur isteach.

Sainaithníodh neaslimistéir ina bhfuil imscrúduithe talún de dhíth i gcoibhneas leis na háiteanna ina bhfuil baol tuilte sainaitheanta. Thiocfadh láithreáin imscrúduithe talún a athrú trí shrianta rochtana mar phróifíl na talún, toilleadh neamhleor na láithreán srl. deimhneofar na láithreáin deiridh le linn siúlóidí ar an láthair leis an chonraitheoir nuair a bheidh sé ceaptha. Socróidh agus comhaontóidh foireann an tionscadail bealaí rochtana le húinéirí talún sula dtabharfar faoi na himscrúduithe talún. Cinnfidh an obair seo na coinníollacha foriomlána i limistéar na scéime agus cuirfear eolas ar fáil do shuíomh na n-oibreacha agus na bhfeabhsuithe féideartha atá aitheanta mar chuid den scéim faoisimh tuilte.

Fuarthas sonraí imscrúdaithe láithreáin ó Uisce Éireann mar chuid de chomhaontú comhroinnte sonraí.



# Measúnú ar Roghanna

## Réamhthuarascáil ar Roghanna

Tá réamhthuarascáil ar roghanna á forbairt ag Ayesa do Ráth Mealtain le measúnú iomlán a dhéanamh ar bhearta féideartha cosanta tuilte don scéim agus le bearta neamh-inmharthana a scagadh amach de réir mar is cuí trí mheasúnú atá measta go cúramach. Is gníomhaíocht aonair bheartaithe é beart a thabharfaidh aghaidh ar riosca tuilte, forbrófar meascán de bhearta inmharthana mar roghanna don scéim, a chuirfear faoi bhráid an phobail nuair a bheidh siad ar fáil.

Reáchtáladh siúlóid ar an láthair le hionadaithe Ayesa, Comhairle Contae Dhún na nGall agus Oifig na nOibreacha Poiblí ar 16/10/2024 leis na coinníollacha reatha agus na bearta féideartha a mheas.

Tá scagadh agus measúnú beart ar siúl ag cur na nithe seo a leanas san áireamh:

- Riachtanais Theicniúla
- Riachtanais Chomhshaoil
    - Éiceolaíoch
    - Oidhreacht Chultúrtha
    - Tídhreach
- Riachtanais Shóisialta
- Riachtanais Eacnamaíocha

Tabharfar an measúnú go dtí céim ard agus eagrófar cruinnithe breise ansin leis an phobal leis na bearta inmharthana agus an rogha atá ag teacht chun cinn a phlé.

# Gníomhaíochtaí Comhshaoil

Rinne Ayesa Ecoologists suirbhé ar speicis ionracha i lár mhí an Mheithimh 2024 le dul chun cinn na cóireála IAS roimhe seo a mheasúnú. Tá an chuid is mó de na limistéir chóireáilte i Ráth Mealtáin laghdaithe, ach go fóill tá Balsam Himiléach agus Glúineach Bhiorach i limistéir áirithe. Bhí conraitheoirí cóireála IAS ag tarraingt Balsam de láimh ar an láthair agus ag cóireáil Glúineach le linn Iúil agus Dheireadh Fómhair. Déanfar siúlóid ar an láthair de na limistéir agus déanfar cóireáil bhreise ar an bhliain seo chugainn.



Balsam Himiléach le sruth ó Ionad Pobail Ráth Mealtáin 2021



Balsam Himiléach le sruth ó Ionad Pobail Ráth Mealtáin 2024

# An Chéad Chéim Eile

Sna míonna atá amach romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:

- **Measúnú ar Roghanna agus Forbairt**
- **Measúnú Caomhnaithe ar Bhallaí an Ché**
- **Múnlú Hiodrálach ar Roghanna Cosanta Tuilte**
- **Conradh um Imscrúduithe Talún**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh lenár bhFoireann Tionscadail faoi aon ábhar a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Ráth Mealtáin is féidir leat é sin a dhéanamh ar an dóigh seo a leanas:**

## Ríomhphost

RameltonFRS@Ayesa.com

## Post

Bainisteoir Tionscadail FRS Ráth Mealtáin
Ayesa
Foirgnimh 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Guthán

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt le do thoil ar ár suíomh Gréasáin:**